**_Parlaimint na hEorpa_**

**_2019-2024_**

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*
*An Cathaoirleach*

1.3.2024

Tomas Tobé
Cathaoirleach
An Coiste um Fhorbairt

Ábhar: Tuairim a ghabhann leis an rún ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile. (COM(2023)0791 – C9-0029/2024 – 2023/0464M(NLE))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, ag an gcruinniú a bhí aige an 22 Feabhra 2024[1], chinn an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach agus go háirithe a iarraidh ar an gCoiste um Fhorbairt, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Is mise le meas,

David McAllister

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair don vótáil chríochnaitheach: David McAllister (Cathaoirleach agus Rapóirtéir don tuairim), Witold Jan Waszczykowski (Leaschathaoirleach), Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Petras Auštrevičius, Adam Bielan, Benoît Biteau, Krzysztof Brejza, Udo Bullmann, Traian Băsescu, Olivier Chastel, Włodzimierz Cimoszewicz, Anna Fotyga, Loucas Fourlas, Giorgos Georgiou, Francisco Guerreiro, Bernard Guetta, Rasa Juknevičienė, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, Sergey Lagodinsky, David Lega, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Alessandra Moretti, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Wolfram Pirchner, René Repasi, Thijs Reuten, Mounir Satouri, Jordi Solé, Tineke Strik, Nacho Sánchez Amor, Dominik Tarczyński, Lucia Vuolo, Mick Wallace, Charlie Weimers, Isabel Wiseler Lima, Salima Yenbou agus João Albuquerque, Milan Brglez, Mónica Silvana González, Christophe Grudler, Georgios Kyrtsos, Maria Veronica Rossi (de bhun Riail Rule 209(7)).

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Fhorbairt, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi gur síníodh an comhaontú Comhpháirtíochta nua le Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin agus a prótacail réigiúnacha lena mbunófar creat dlíthiúil uileghabhálach as seo go ceann fiche bliain agus lena gcuirfear béim réigiúnach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe ar thíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin;

2. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an t-idirphlé polaitiúil mar chuid lárnach den chomhpháirtíocht idir AE agus tíortha ACC, ina bhfuil 105 stát san iomlán, arb ionann é agus an cúigiú cuid de dhaonra an domhain agus níos mó ná leath de na suíocháin ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe; ag cur béim ar luach geopholaitiúil Chomhaontú Shamó; ag cur béim ar Ráiteas Comhpháirteach Eagraíocht na Stát ACCagus an Aontais an 30 Samhain 2023 do COP 28 mar shampla soiléir den chomhar maidir le leasanna agus tosaíochtaí coiteanna i bhfóraim iltaobhacha;

3. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé oibriú i gcomhar le tíortha ACC agus comhpháirtíochtaí comhionanna a bhunú a rachaidh chun tairbhe do chách sna sé réimse tosaíochta seo a leanas: cearta an duine, daonlathas agus rialachas, síocháin agus slándáil, forbairt dhaonna agus shóisialta, fás agus forbairt eacnamaíoch atá cuimsitheach agus inbhuanaithe, agus inbhuanaitheacht comhshaoil agus athrú aeráide, agus imirce agus soghluaisteacht; ag cur béim ar acmhainneacht mhór thionscnamh Thairseach Dhomhanda AE agus á iarraidh go ndéanfaí an chomhpháirtíocht le tíortha ACC a dhoimhniú tuilleadh ina leith sin;

4. á chur i bhfios go láidir nach mór go mbeadh an t-ord iltaobhach riailbhunaithe agus cur chun cinn na síochána, na slándála agus na sláine críochaí ar fud an domhain mar bhunchloch do chomhpháirtíocht pholaitiúil neartaithe idir ACC agus AE; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear an chaibidil maidir leis an tsíocháin agus leis an tslándáil i measc na sé thosaíocht straitéiseacha; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh an Comhaontú tuilleadh comhair a dhéanamh i réimsí nua, lena n-áirítear an phíoráideacht nó maoiniú na sceimhlitheoireachta, go dtí an chibearchoireacht;

5. á iarraidh go mbeadh cur chuige comhtháite ann maidir le coinbhleachtaí agus géarchéim lena nascfar iarrachtaí daonnúla, forbartha, síochána agus slándála ag gach céim;

6. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hidirphlé polaitiúil leanúnach idir AE agus gach ceann de na stáit chomhpháirtíochta agus na réigiúin chomhpháirtíochta mar phríomhghné de na comhpháirtíochtaí faoi seach, go háirithe le linn na héiginnteachta domhanda atá ag dul i méid, ionsaithe díreacha ar luachanna daonlathacha, agus dúshláin gheopholaitiúla; á iarraidh ar na Páirtithe a gcomhar in eagraíochtaí iltaobhacha a neartú,

tacú go hiomlán le hobair Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus a ndícheall a dhéanamh tabhairt faoi thionscnaimh chomhpháirteacha; ag moladh do na Ballstáit dul i dteagmháil go rialta ar leibhéal na n-airí le hEagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin;

7. á chur in iúl gur geal léi tiomantas na bpáirtithe don daonlathas ach á chur i bhfios go láidir go bhfuil teipthe fós ar roinnt tíortha ACC saoirse na meán agus sláine na bpróiseas toghcháin a ráthú;

8. á chur in iúl gur geal léi tiomantas na bPáirtithe feabhas a chur ar an gcomhar maidir leis an imirce agus leis an tsoghluaisteacht, á chur i bhfáth go bhfuil rún daingean acu urraim a áirithiú do dhínit na ndídeanaithe agus na n-imirceach uile agus a gcearta daonna a chosaint, i dtíortha idirthurais freisin; ag tacú go láidir lena gcinneadh iarrachtaí a shaothrú chun beartais lánpháirtíochta éifeachtacha a ghlacadh dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu go dleathach ina gcríocha; ag aithint gur gá feabhas a chur ar an gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an easáitithe éigeantaigh agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go hiomlán;

9. á thabhairt chun suntais go bhfuil na Páirtithe tiomanta do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a chur i bhfeidhm go hiomlán; ag tathant ar na Páirtithe freisin aon idirdhealú atá bunaithe ar ghnéaschlaonadh a sheachaint agus deireadh a chur le coiriúlú agus pionósú daoine LADTI, lena n-áirítear pionós an bháis; ag tabhairt dá haire nach mór comhionannas inscne agus cumhachtú eacnamaíoch na mban a phríomhshruthú i rith chur chun feidhme Chomhaontú Shamó; ag tacú leis na gealltanais sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo (SRHR) do gach duine, go háirithe do chailíní agus mná óga; á iarraidh ar institiúidí AE dlús a chur le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne i dtíortha ACC;

10. á chur in iúl gur geal léi tiomantas na bPáirtithe don idirphlé sóisialta agus do chur chun cinn agus cur chun feidhme éifeachtach na gcroíchaighdeán saothair a aithnítear go hidirnáisiúnta, mar a shainítear i gcoinbhinsiúin agus prótacail ábhartha EIS; á mheas go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go gcloífidh na Páirtithe lena n-oibleagáidí mar chomhaltaí de EIS agus lena ngealltanais faoi Dhearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha; á iarraidh ar AE teagmháil leanúnach a dhéanamh le comhpháirtithe ACC chun coinbhinsiúin bhunúsacha uile EIS a dhaingniú agus a chur chun feidhme;

11. á áitiú gur gá taidhleoireacht pharlaiminteach a neartú le comhpháirtithe san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin chun rannchuidiú le cuspóir AE an caidreamh le comhpháirtithe ACC a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna gheopholaitiúla, eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil; á chur in iúl gur geal léi go n-aithnítear an taidhleoireacht pharlaiminteach mar cholún den Chomhpháirtíocht agus go dtreisítear í trí thrí thionól pharlaiminteacha réigiúnacha a bhunú lena mbeifear in ann díospóireachtaí doimhne a dhéanamh ar ábhair a bhaineann go sonrach le réigiún ar leith;

12. á chur in iúl gur geal léi gur ullmhaigh an Coimisiún ‘cur chuige straitéiseach nua maidir leis an gcomhpháirtíocht leis an Afraic’ chun an tslándáil, an tsíocháin agus an rathúnas marthanach a chothú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé gealltanais chruinniú mullaigh mhí Feabhra 2022 idir AE agus an tAontas Afracach a chur chun feidhme chun

comhar a dhoimhniú maidir le tionscnaimh leasa choitinn agus chun go bhfreastalóidh AE ar riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta san Afraic; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do AE tosaíochtaí geografacha a shaothrú ar an leibhéal déthaobhach agus réigiúnach, ag díriú ar athbhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí réigiúnacha don tSaiheil agus ar chur chun feidhme éifeachtach na straitéise do Mhurascaill na Guine, do Réigiún na Mór-Lochanna agus do Chorn na hAfraice; á chur in iúl gur cúis bhuartha di lorg méadaithe Ghrúpa Wagner agus an éagobhsaíocht mhéadaitheach sa tSaiheil, a bhaineann an bonn ó shlándáil agus ó chobhsaíocht na dtíortha lena mbaineann agus a bhfuil iarmhairtí móra réigiúnacha agus idirnáisiúnta aici; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach bhfuarthas na torthaí a rabhthas ag súil leo ó bheartas an Aontais maidir leis an tSaiheil agus ag cur sonrú san fhógra ón Leas-Uachtarán/Ard-Ionadaí maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar straitéis an Aontais maidir leis an tSaiheil.

13. á iarraidh go neartófaí an chomhpháirtíocht idir Muir Chairib agus an tAontas bunaithe ar Dhearbhú Chruinniú Mullaigh idir AE agus CELAC i mí Iúil 2023; á chur in iúl gur cúis imní di an méadú atá tagtha ar an bhforéigean, ar an gcoireacht eagraithe agus ar an ngáinneáil ar dhrugaí i Muir Chairib, agus á iarraidh go dtiocfadh méadú suntasach ar an gcomhar dé-réigiúnach faoin gComhaontú seo chun na bagairtí sin a chomhrac;

14. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá réigiún an Aigéin Chiúin le linn iomaíocht gheostraitéiseach réigiúnach; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach do leasanna an Aontais agus a Bhallstát an tsíocháin, an chobhsaíocht agus saoirse na loingseoireachta i réigiún an Aigéin Chiúin a chaomhnú; á thabhairt chun suntais gur gá acmhainní a chomhthiomsú chun lorg polaitiúil an Aontais a fheabhsú go héifeachtach agus chun an tAontas a dhearbhú mar chomhpháirtí iontaofa agus straitéiseach san Aigéan Ciúin; á iarraidh go bhforbrófaí comhghuaillíochtaí straitéiseacha le stáit an Aigéin Chiúin maidir le roinnt saincheisteanna domhanda, go háirithe maidir leis an athrú aeráide, rialachas na n-aigéan, an tsíocháin agus an tslándáil; ag spreagadh na mBallstát a bheith rannpháirteach go bliantúil ar leibhéal na n-airí le tíortha oileánacha an Aigéin Chiúin;

15. á iarraidh go ndéanfadh na páirtithe uile an Comhaontú a shíniú agus a dhaingniú go pras, agus á mheabhrú nach mbeidh tíortha nach síníonn an Comhaontú rannpháirteach ina gcomhlachtaí polaitiúla agus cinnteoireachta; á thabhairt chun suntais gur cruthaíodh sásra nua rannpháirtíochta geallsealbhóirí chun guth na sochaí sibhialta sa chinnteoireacht a neartú; á iarraidh go gcuirfí an Comhaontú chun feidhme go cuimsitheach i bhfianaise éagobhsaíocht gheopholaitiúil agus na ndúshlán domhanda atá ag dul i méid;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS an chumarsáid straitéiseach maidir le gníomhaíochtaí an Aontais a neartú laistigh den chreat Comhpháirtíochta.